Comhairliúchan maidir le hAthruithe molta ar TGMOnna

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Teagmháil a dhéanamh Linn

Tá an cáipéis seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla

Mura bhfuil formáid na cáipéise seo ag riar ar na riachtanais atá agat féin, déan teagmháil, le do thoil, leis an fhoireann Measúnú agus Cáilíochtaí. Beimid sásta aon iarratas le haghaidh cóipeanna den cháipéis seo i bhformáidí malartacha amhail cló mór, Braille, closchóip nó i dteangacha eile a chur san áireamh.

Tá an cháipéis seo ar fáil chomh maith ar leathanach comhairliúcháin na Roinne Oideachais nó ar nidirect.

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag an seoladh thíos nó le:

Guthán: 028 9127 9543

Facs: 028 9127 9100

Ríomhphost: aqt@deni.gov.uk

Téacsfón: 18001 028 9127 9543

Assessment and Qualifications Team
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
Bóthar Balloo
Rathgill
BEANNCHAR
Co an Dúin BT19 7PR

Réamhrá

1. Leagann Páipéar Bán Sasana (2010) "The Importance of Teaching", moltaí amach le haghaidh athruithe ar TGMOnna i Sasana, sé sin, go bhfillfear ar an nós measúnú a dhéanamh i ndeireadh an chúrsa dhá bhliain (ag imeacht ó na measúnuithe aonadaithe reatha go dtí socruithe ar mheasúnú líneach) agus béim níos mó sna scéimeanna marcála ar Litriú, ar Phoncaíocht agus ar Ghramadach (LPaG). Iarradh comhairle ar Ofqual maidir leis na dóigheanna is fearr leis na moltaí seo a chur i bhfeidhm agus, ar 27 Meitheamh 2011, d'fhreagair Michael Gove, an Rúnaí Stáit Oideachais i Sasana, go dearfach do chomhairle Ofqual. Mar choimriú ar na TGMOnna a dhéantar i Sasana:

   - Is i ndeireadh an chúrsa a dhéanfar measúnú ar iarrthóirí a bheidh ag déanamh scrúduithe ó Shamhradh 2014 (an chéad teagasc ó Mheán Fómhair 2012), agus beidh rialacha athbhreithnithe ann nach ligfidh d'iarrthóirí aon chuid (modúl) a athdhéanamh;

   - beidh scéimeanna marcála ann do na measúnuithe a dhéanfar ó 2013 ar aghaidh a chuirfidh béim níos mó ar Litriú, ar Phoncaíocht agus ar Ghramadach (LPaG) in ábhair a bhfuil riachtanas iontu le haghaidh scríbhneoireacht shínte, i Litríocht Bhéarla, i dTíreolaiocht, i Stair agus i staidéir ar Religiún ar dtús.

2. Déanfaidh an Roinn Oideachais (RO) measúnú ar impleachtaí na socruithe seo i Sasana.

Cúlra

3. Tá na sonraíochtaí TGMO a forbraíodh le haghaidh chéad teagasc ó Mheán Fómhair 2009 i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann, aonadaithe den chuid is mó. Roimhe seo, bhí an chuid is mó de TGMOnna líneach agus ní dhéantaí aon mheasúnú go dtí deireadh an chúrsa. Bhí cuid bheag sonraíochtaí aonadaithe TGMO ann roimh 2009, i matamaitic agus sna heolaíochtaí go háirithe, agus in ábhair fheidhmeacha chomh maith. Shainaithin An Páipéar Bán Scoileanna i Sasana roinnt buarthaí maidir leis na TGMOnna aonadaithe, ar a n-áirítear an éifeacht ar theagasc agus ar fhoghlaim, agus barraíocht deiseanna a bheith ann na scrúduithe a athdhéanamh. Ar a bharr sin, cuireadh an dearcadh chun tosaigh go bhfuil cáilíochtaí dar méid TGMOnna róbheag lena n-aonadú go héifeachtach. Murab ionann agus na leibhéil A, ní dhéantar líon na n-aonad a leagan síos agus, fágann sé seo, mar sin, nach bhfuil an líon céanna aonad ag gach sonraíocht in ábhar ar leith, nó aonaid den mhéid chéanna.

4. Tá na sonraíochtaí reatha aonadaithe (arna n-athbhreithniú ó 2009) bunaithe ar chritéir a d'fhág go dtiocfadh le sonraíochtaí suas le ceithre aonad a bheith acu, agus ualú measúnaithe nach lú ná 20% den mheasúnú iomlán le haghaidh cáilíochta ag gach ceann acu. Tá cead ag iarrthóirí scrúdú amháin a athdhéanamh in aghaidh an aonaid. Chomh maith leis seo, caithfear cloí leis an ' Riail Cheann Cúrsa' a leagann síos go gcaithfear 40% ar a laghad den mheasúnú a dhéanamh i ndeireadh an chúrsa. Go hiondúil, bíonn ceithre dheis measúnaithe á dtairiscint ag na hEagraíochtaí Cáiliúcháin i Sasana (in Eanáir agus Meitheamh gach bliain de ghnáth) thar dhá bhliain an chúrsa TGMO. Cé go bhfuil TGMOnna aonadaithe á dtairiscint ag CCEA, an eagraíocht cáiliúcháin áitiúil anseo, níl ach dhá dheis measúnaithe ar fáil, .i. ceann amháin i Meitheamh gach bhliain an chúrsa.

5. Is de réir na n-amlínte seo a leanas a rinneadh na sonraíochtaí athbhreithnithe (aonadaithe) TGMO a fhorbairt agus a chéimniú isteach:

- na hábhair uile seachas Béarla/Gaeilge agus Breatnais (an chéad teanga), matamaitic, TFC agus na heolaíochtaí uile le haghaidh chéad teagasc ó Mheán Fómhair 2009 (an chéad cháiliúchán 2011);

- Béarla/Gaeilge/Breatnais (an chéad teanga), matamaitic, agus TFC le haghaidh chéad teagasc ó Mheán Fómhair 2010 (an chéad cháiliúchán 2012);

- Eolaíochtaí - bitheolaíocht, ceimic, fisic, eolaíocht/eolaíocht bhreise (eolaíocht Teastas Dúbailte CCEA) le haghaidh chéad teagasc ó Mheán Fómhair 2011 (an chéad cháiliúchán 2013).

6. Maidir leis an chéad cháiliúchán de TGMOnna athbhreithnithe aonadaithe i Samhradh 2011, ní bheidh mionfhaisnéis ar phatrúin iontrála ná ar an éifeacht a bhí acu ar ghnóthachtáil na ndaltaí ar fáil go dtí an fómhar seo agus ní bheidh Béarla/Gaeilge nó matamaitic san áireamh ann. Tuigtear, áfach, nach bhfuil an 'ghníomhaíocht' iontrála mar an gcéanna trasna ábhar, go bhfuil ábhair áirithe ann nach bhfuil ach iontrálacha iontach beag acu le haghaidh aonad sa chéad bhliain de staidéar (Bliain 11). Chuirfeadh sonraí ó Shasana in iúl go bhfuil torthaí le haghaidh aonad amháin nó níos mó faighte cheana féin ag tuairim is 50% d'iarrthóirí a bhfuil cáiliúchán ábhair á lorg acu an samhradh seo. Tá an figiúr seo i bhfad níos ísle anseo mar a gcuirfeadh sonraí CCEA in iúl go bhfuil aonaid glactha ag tuairim is 10% de ha hiarrthóirí uile roimh dheireadh cháiliúcháin chúrsa.

Fáthanna molta leis an athrú go dtí sonraíochtaí aonadaithe

7. Rinne na hEagraíochtaí Cáiliúcháin na sonraíochtaí aonadaithe a fhorbairt i ndiaidh dóibh taighde margaidh a dhéanamh le hionaid. Ba ar dhearcthaí múinteoirí maidir le deiseanna le haghaidh aiseolas múnlaitheach agus le deiseanna le scrúduithe a athdhéanamh agus an t-inspreagadh a ghinfí anseo, a bunaíodh an t-athrú go dtí an cur chuige modúlach. Bhí siad ábalta é seo a dhéanamh cionn is go raibh aonadú ceadaithe de réir critéir na TGMOnna reatha. Tá roinnt ionad, áfach, buartha faoi: ualach/maorlathas measúnaithe aonadaithe (cuid de nasctha le hathdhéanamh scrúduithe); laghdú ar am teagaisc mar gheall ar aonadú; agus an baol go mbeidh an fhoghlaim ilroinnte. Tá mórcheisteanna ann chomh maith maidir le haibiú, mar a mbíonn mic léinn níos óige, daoine 14/15 bliana d'aois, ag cur isteach ar scrúduithe agus seans nach bhfuil siad ullamh dóibh. Níl an cur chuige céanna i leith aonadaithe ag TGMOnna is atá ag TGO AS/A2, mar a mbíonn an leibhéal AS ag feidhmiú mar dhroichead idir TGMO agus an leibéal A iomlán.

8. Cuireann taighde in iúl gur éifeacht choimpléascach atá ann bealach líneach nó bealach modúlach a roghnú agus go bhfuil na torthaí meascaithe. Amharcfaimid ar thorthaí TGMO le haghaidh 2011 i gcomparáid le blianta roimhe lena fháil amach cén fhianaise atá ann ar son nó in éadan an dá bhealach seo. Is air seo a bhunófar ár gcuid smaointe i dtéarmaí Rannán 75 agus maidir leis an treo a rachaidh an polasaí foriomlán.

Athruithe a mholann Ofqual le haghaidh TGMOnna i Sasana

9. Agus a gcuid moltaí á ndéanamh ag Ofqual, bhí siad ag iarraidh a chinntiú go gcuirfí na mórcheisteanna seo a leanas san áireamh maidir leis an athrú go dtí sonraíochtaí líneacha:

- ní bheadh míbhuntáiste ag iarrthóir ar bith;
- ní dhéanfaí damáiste do chumas na gcáilíochtaí le riar ar riachtanais réasúnacha ardoideachais agus fostóirí; agus
- go mbeadh bonn cirt oideachasúil soiléir ann.

10. Agus iad cinnte gur cuireadh na mórcheisteanna seo san áireamh, mhol Ofqual go bhféadfaí scrúduithe le haghaidh chúrsaí TGMO a dhéanamh i ndeireadh

an chúrsa, taobh amuigh d'eisceachtaí comhaontaithe. Chuir Ofqual in iúl nach gcuirfí na hathruithe i bhfeidhm go dtí an chéad athbhreithniú eile ar shonraíochtaí TGMO. D'admhaigh Ofqual, áfach, gur féidir gur mhaith leis an Rúnaí Stáit (RS) é a dhéanamh níos luaithe. Chuir freagairt an RS in iúl go gcaithfear gníomhú chomh luath agus is féidir mar gheall ar na mórcheisteanna a tarraingíodh anuas i dtaca le nádúr aondaithe reatha na TGMOnna de.

11. Fágfaidh sé seo go mbeidh athruithe ann ar iontráil TGMO agus ar na rialacha comhbhailiúcháin i Sasana. Ní bheidh iarrthóirí in ann aonaid a athdhéanamh níos mó agus ní bheidh scrúduithe aonaid geimhridh de dhíth níos mó. Tá rogha ag na hiarrthóirí go fóill i Sasana, áfach, an TGMO iomlán Béarla agus Matamaitic a dhéanamh (nó a athdhéanamh) i mí na Samhna. Daltaí áirithe nach bhfaigheann C nó os a cionn in TGMO, is minic a athdhéanann siad TGMO i mBliain 13. Is féidir go mbeidh an deis bhreise seo ar fáil i mBéarla agus i Matamaitic má dhéantar aon athruithe anseo.

12. Anseo thíos tá sonraí ar an éifeacht a bheidh ag an mholadh seo ar iarrthóirí i Sasana atá ar chúrsaí dhá bhliain cheana féin agus ar iarrthoirí a bheidh á dtosú in 2011 agus 2012.

- Níor chóir go mbeadh aon athrú ar na haonaid atá ar fáil do na hiarrthóirí sin a thosaigh cúrsaí dhá bhliain i Meán Fómhair 2010 (agus a gheobhaidh torthaí leibhéal ábhair i samhradh 2012). Fágann sé seo go mbeidh mic léinn ábalta dul isteach in aonaid i ngeimhreadh agus samhradh 2012.

- Níor chóir go mbeadh aon athrú ar na haonaid atá ar fáil do na hiarrthóirí sin a thosaigh cúrsaí dhá bhliain i Meán Fómhair 2011 (agus a gheobhaidh torthaí leibhéal ábhair i samhradh 2013). Fágann sé seo go mbeidh mic léinn ábalta dul isteach in aonaid i ngeimhreadh agus samhradh 2012 agus 2013.

- Sonraíochtaí líneacha a bheidh ann do na hiarrthóirí sin a thosóidh ar chúrsaí dhá bhliain in 2012, agus a gheobhaidh torthaí leibhéal ábhair in 2014. Fágann sé seo go gcuirfeadh mic léinn isteach ar na haonaid uile i samhradh 2014. Ní bheadh cead acu dul isteach ar aon aonad go luath agus ní bheadh siad ábalta aonaid a athdhéanamh.

13. Le go dtarlóidh sé seo, tá Ofqual a mholadh go ndéanfaidh Eagraíochtaí Cáiliúcháin i Sasana athruithe ar na struchtúir mheasúnaithe TGMO acu. Chomh maith leis seo, tá Ofqual a mholadh go gcuirfí eisceachtaí áirithe san

áireamh, agus go ndéanfaí comhairliúchán orthu de réir mar is gá, sa dóigh go bhfanfadh roinnt ábhar aonadaithe go fóill. Roimhe seo, nuair a bhí an chuid is mó de TGMOnna líneach, fiú, bhí roinnt sonraíochtaí modúlacha ann, ag cur nádúr an mheasúnaithe agus struchtúr an chúrsa san áireamh, m.sh. matamaitic, na heolaíochtaí, agus ábhair fheidhmeacha.

Mórcheisteanna don Roinn Oideachais

14. Polasaí Rialtais atá taobh thiar den athrú seo ar TGMOnna aonadaithe i Sasana, polasaí atá leagtha amach i bPáipéar Bán Scoileanna de chuid na Roinne Oideachais. Tá córas cáilíochtaí 3 thír i bhfeidhm i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann - tá na cáilíochtaí céanna againn agus bíonn na rialaitheoirí ag obair i gcomhar a chéile lena chinntiú go mbíonn comhchaighdeáin ann sna 3 dhlínse uile. Fágann sé seo go n-aithneoidh agus go dtuigfidh ollscoileanna agus fostóirí go furasta cáilíochtaí daltaí a dhéanann a gcuid scrúduithe anseo más mian leo dul go Sasana nó go dtí an Bhreatain Bheag nó go deisceart na hÉireann le bheith ag staidéar nó ag obair, agus a mhalairt de dhóigh. Tá an RO ag smaoineamh, mar sin, ar chóir do Thuaisceart Éireann bogadh ó mheasúnú aonadaithe go dtí measúnú líneach. Agus é seo á dhéanamh aici, cuireann sí san áireamh comhairle ó CCEA mar rialaitheoir cáilíochtaí, chomh maith le dearcthaí na bpríomhpháirtithe leasmhara, múinteoirí agus daltaí go háirithe. Déanfaidh an Roinn teagmháil leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mBaile Átha Cliath maidir le comhaitheantas na gcáilíochtaí a fhaightear ar oileán na hÉireann a thabhairt. Is é leas daoine óga an cúram is mó atá orainn agus caithfimid a chinntiú go mbeidh gach duine acu ábalta a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

15. Ni dócha go gcuirfeadh cinneadh an Aire ar an cheist seo deireadh leis an suíomh atá ann faoi láthair mar ar féidir le heagraíocht cáiliúcháin i Sasana (agus sa Bhreatain Bheag) TGMOnna a thairiscint anseo. Is féidir gur TGMOnna líneacha a bheidh i gceist anseo, áfach. Is leis an fhoras cáilúcháin áitiúil a bhainfidh na himpleachtaí is mó agus, ag brath ar chinneadh an Aire Oideachais, beidh ar CCEA nádúr na TGMOnna atá á dtairiscint acu a athbhreithniú.

Breithniúcháin Rannán 75

16. De réir Rannán 75 d'Acht TÉ caithfidh na húdaráis phoiblí uile, agus a gcuid feidhmeanna i dtaca le tuaisceart na hÉireann á gcur i gcrích acu, aird mar is

cuí a thabhairt ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí comhionannas deiseanna a chothú idir -

- daoine dar creideamh difriúil, dar barúil pholaitíochta dhifriúil, dar grúpa cine difriúil, dar aois dhifriúil, dar stadas pósta difriúil nó dar gnéaschlaonadh difriúil;
- fir agus mná i gcoitinne;
- daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil míchumas acu; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil cleithiúnaithe acu.

17. Ar a bharr seo, agus gan chlaontacht don dualgas thuas, caithfidh údáráis phoiblí chomh maith, agus a gcuid feidhmeanna á gcur i gcrích acu, aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé dea-chaidreamh a chothú idir daoine dar creideamh difriúil, dar barúil pholaitíochta dhifriúil nó dar grúpa cine difriúil.

18. Tá impleachtaí Rannán 75 a bhaineann le cur i bhfeidhm na n-athruithe molta seo anseo á meas againn agus caithfimid fanacht le torthaí scrúduithe TGMO 2011 leis an phróiseas scagtha comhionannais againn a bhunú orthu. Ba in 2011 a bronnadh TGMOnna aonadaithe den chéad uair agus beimid ábalta na torthaí a chur i gcomparáid leis na TGMOnna a bronnadh in 2010. Idir an dá linn, beidh torthaí taighde a dhéanann comparáid idir measúnú aonadaithe agus measúnú líneach á meas againn, agus an éifeacht ar bhuachaillí agus ar cháilíní san áireamh. Ba mhaith linn go mór do bharúlacha a fháil ar éifeacht na mórcheisteanna seo. Féach anseo thíos, le do thoil, le heolas a fháil ar an dóigh ar féidir leat freagairt don chomhairliúchán seo.

Comhairliúchán

19. Beidh an RO i mbun comhairliúcháin ar na moltaí polasaí seo ó 10 Deireadh Fómhair 2011 go dtí 30 Nollaig 2011. Beidh an Roinn sásta dearcthaí a fháil ó eagraíocht ar bith, ó ghrúpa ar bith nó ó dhuine ar bith ar ábhar na cáipéise seo. Bheimis buíoch díot do smaointe ar na moltaí seo a fháil.

20. **Is féidir leabhrán freagartha a bheidh ina chuidiú ag freagróirí le freagairt struchtúrtha a thabhairt, a bhreathnú agus a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne ag www.deni.gov.uk**

21. Is féidir trácht a dhéanamh ar an cháipéis seo agus/nó iarratas le haghaidh cóip chrua den cháipéis nó le haghaidh formáidí malartacha di a chur isteach trí phost, trí fhacs nó trí ríomhphost go dtí an seoladh ar leathanach 2. Cuirfear freagairtí comhairliúcháin ar an suíomh gréasáin againn. Ar mhaithe leis an timpeallacht, ní bhfaighidh freagróirí litir admhála. Cuirfear liosta freagróirí ar an suíomh gréasáin, áfach. Chomh maith leis seo, tá rún againn na freagairtí a fhoilsiú (ina n-iomlaine nó i bpáirt). Más mian leat nach gcuirfear an fhreagairt agat nó d'ainm ar an suíomh gréasáin, abair é seo go soiléir sa fhreagairt.

22. Is é **30 Nollaig 2011** an sprioc-am le haghaidh freagairtí.

Páipéir Thaighde

23. Féach páipéir thaighde ghaolmhara le faisnéis a fháil.

Research Matters - Cambridge Assessment - Eisiúint 11 - Eanáir 2011

Effects of Modularisation - Cambridge Assessment - Carmen L Vidal Rodeiro agus Rita Nádas

An Roinn Oideachais, Teach Rathgael, Bóthar Balloo, Rathgill, Beannchar, Co an Dúin BT19 7PR